

Lá idirnáisiúnta na mBan

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi Lá Idirnáisiúnta na mBan agus faoin tábhacht a bhaineann leis an lá sin in Éirinn. Sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat plé ar na focail agus ar na frásaí thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír. An bhfuil Gaeilge agaibh orthu?

- Address (speech): _____
- reason to celebrate: _____
- health emergency: _____
- after restricting women's rights: _____
- to soften the tension in a house: _____
- the woman bears the consequence: _____
- migrant community: _____
- one reason to be joyful: _____
- recovery, rehabilitation: _____
- years of insult and contempt: _____
- a woman who had exceptional storytelling skills: _____
- documentary: _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.



Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo thíos:

1. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas?

Michael D. Higgins
Áine Durkin
Ola Majekodunmi
Sinéad Ní Uallacháin

2. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo?

5
40,000
10
63
60,000
46

Cad iad na freagraí a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 3

A. Scríobh amach na figiúirí i bhfocail:

5 (duine)
€40,000
10ú
63%
€60,000
46%

B. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí na ceistanna thíos ar a chéile:

1. Cén aois atá tú?
2. Cén dáta breithe atá agat?
3. Cén dáta atá ann inniu?
4. Cén t-am atá sé?
5. Cé mhéad duine atá i do theaghlach?
6. Cé mhéad atá ar chupán caife sa lá atá inniu ann?

Ceist 4

Is minic a bhíonn fadhbanna ag foghlaimeoirí leis an ainmfhocal 'bean'. Féach ar na hainmfhocail eile seo a mbíonn deacracht ag daoine leo. Líon na bearnaí sa bhosca.

An tuiséal ainmneach uatha	An tuiséal ainmneach iolra	An tuiséal ginideach uatha	An tuiséal ginideach iolra
<i>an bhean</i>	<i>na mná</i>	<i>mála na mná</i>	<i>málaí na mban</i>
an bhliain		tús ...	deireadh ...
an ealaín		stair ...	lucht ...
an chomharsa		teach ...	tithe ...
an teorainn		fad ...	ceist ...
an leaba		chun ...	ag cóiriú ...

Ceist 5

'...bean a bhí fial agus bean a bhí flaithiúil...'

Déan do mhachnamh ar bhean a chuaigh i bhfeidhm go mór ort i do shaol. Bí in ann na ceistanna thíos a fhreagairt fúithi ar ball beag. Cuir na ceistanna ar an duine in aice leat.

1. Cé hí?
2. Cén chuma atá uirthi?
3. Cén cineál duine í?
4. Cén fáth a raibh tionchar an-láidir aici ort?

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cén fáth a bhfuil Lá Idirnáisiúnta na mBan ann, dar leat?
2. An bhfuil na cearta céanna ag mná agus atá ag fir in Éirinn, dar leat? Mínigh.
3. An gceapann tú go bhfuil níos mó brú ar mhná ná mar atá ar fhir le linn na paidéime? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Address (speech):	<i>aitheasc</i>
reason to celebrate:	<i>cúis cheiliúrtha</i>
health emergency:	<i>géarchéim shláinte</i>
after restricting women's rights:	<i>i ndiaidh teorannú a dhéanamh ar chearta na mban</i>
to soften the tension in a house:	<i>an teannas i dteach a mhaolú</i>
the woman bears the consequence:	<i>an bhean a bhíonn thíos leis</i>
migrant community:	<i>pobal imirceach</i>
one reason to be joyful:	<i>cúis amháin ghairdis</i>
recovery, rehabilitation:	<i>athshlánú</i>
years of insult and contempt:	<i>blianta de mhasla agus de tharcaisne</i>
a woman who had exceptional storytelling skills:	<i>bean a raibh buanna scéalaíochta go smior inti</i>
documentary:	<i>clár faisnéise</i>

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

A. Féach:

5 (duine):	<i>cúigear</i>
€40,000:	<i>daichead (ceathracha) míle euro</i>
10ú:	<i>deichiú</i>
63%:	<i>seasca a trí faoin gcéad</i>
€60,000:	<i>seasca míle euro</i>
46%:	<i>daichead (ceathracha) a sé faoin gcéad</i>

B. Freagraí samplacha:

- Cén aois atá tú?
Tá mé naoi mbliana déag d'aois.
- Cén dáta breithe atá agat?
An t-ochtú lá de mhí an Mheithimh, dhá mhíle.
- Cén dáta atá ann inniu?
An deichiú lá de mhí an Mhárta, fiche, fiche a haon.
- Cén t-am atá sé?
Tá sé deich nóiméad tar éis a dó.
- Cé mhéad duine atá i do theaghlach?
Beirt.
- Cé mhéad atá ar chupán caife sa lá atá inniu ann?
Trí euro agus caoga cent

Ceist 4

An tuiseal ainmneach uatha	An tuiseal ainmneach iolra	An tuiseal ginideach uatha	An tuiseal ginideach iolra
<i>an bhean</i>	<i>na mná</i>	<i>mála na mná</i>	<i>málaí na mban</i>
<i>an bhliain</i>	<i>na blianta</i>	<i>tús na bliana</i>	<i>deireadh na mblianta</i>
<i>an ealaín</i>	<i>na healaíona</i>	<i>stair na healaíne</i>	<i>lucht na n-ealaíon</i>
<i>an chomharsa</i>	<i>na comharsana</i>	<i>teach na comharsan</i>	<i>tithe na gcomharsan</i>
<i>an teorainn</i>	<i>na teorainneacha</i>	<i>fad na teorann</i>	<i>ceist na dteorainneacha</i>
<i>an leaba</i>	<i>na leapacha</i>	<i>chun na leapa</i>	<i>ag cóiriú na leapacha</i>

Ceist 5

Cleachtadh cainte é seo. Bí cinnte go bhfuil siad in ann cur síos a dhéanamh ar phearsantacht duine agus ar chuma duine. Féach na samplaí thíos:

ábalta – *competent*
cabhrach – *helpful*
cairdiúil – *friendly*
ciallmhar/stuama – *sensible*
cliste – *smart*
deisbhéalach – *eloquent*
dóchasach – *optimistic*
flaithiúil – *generous*
gealgháireach – *cheerful*
leisciúil – *lazy*
leithleach – *selfish*
macánta – *honest*
néata – *neat*
réchúiseach – *easy-going*
sotalach – *arrogant*

Tá gruaig fhada (ghearr, chatach) dhonn (dhubh, fhionn, rua) uirthi.
Tá súile gorma (donna, liatha, glasa) aici.

Ceist 6

Abair le gach grúpa na ceisteanna a phlé eatarthu féin ar dtús agus ansin pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha

Bhuel, dúirt an tUachtarán, Michael D. Higgins, ina aitheasc comórtha ar Lá Idirnáisiúnta na mBan inniu, go bhfuil an lá seo ar cheann de na dátaí is tábhachtaí sa bhféilire bliantúil. Ach, an bhfuil cúis cheiliúrtha i ndáiríre againn anseo in Éirinn ar dhul chun cinn na mban tar éis bliain den gcoróinvíreas?

Sorcha Ní Mhonacháin

Bliain ar bith eile dhéanfaí ceiliúradh dathúil bláthúil ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, i bpáirceanna poiblí agus i sráideanna ar fud fad na cruinne. Ach i mbliana, tá an ghéarchéim shláinte ag cur as don chomóradh. Dúirt an tUachtarán, Michael D. Higgins, ar maidin go bhfuil an lá seo ar cheann de na dátaí is tábhachtaí san fhéilire bhliantúil. Ach, déarfadh mná go bhfuil an phaindeim, COVID-19, i ndiaidh teorannú a dhéanamh ar chearta na mban le bliain anuas.

Áine Durkin, File

Titeann cúram an tí formhór an ama ar an mbean agus má tá bealaí nach bhfuil sí in ann éalú uathu, má tá sí ag iarraidh cineál an teannas i dteach a mhaolú, is í an bhean go hiondúil a bhíonn thíos leis, ag iarraidh rud éigint¹ a dhéanamh.

Sorcha Ní Mhonacháin

Léiríonn eolas a fuair Ceardchumann na nIriseoirí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise go bhfuil bearna shuntasach phá go fóill idir mná agus fir in RTÉ. De réir na bhfigiúirí is déanaí atá ar fáil, saothraíonn bean as achan² chúigear in RTÉ níos lú ná €40,000 sa bhliain, i gcomparáid leis an deichiú cuid de na fir. Saothraíonn 63% de na mná san eagraíocht níos lú ná €60,000 sa bhliain i gcomparáid le 46% de na fir.

Cuid thábhachtach de shochaí úr na hÉireann, an pobal imirceach. Ach, an bhfuil cúis cheiliúrtha ag na mná seo inniu?

Ola Majekodunmi, Saor-iriseoir

Is dóigh liom nach bhfuil an méid sin eolais amuigh ansin ó thaobh chearta na mban imirceach agus bíonn go leor bacanna³ i gceist ó thaobh an t-eolas seo a fháil. Agus, bíonn go leor idirdhealaithe agus ciníochais i gceist chomh maith. So cinnte tá saol i bhfad níos deacra.

Sorcha Ní Mhonacháin

Cúis amháin ghairdis go bhfuil athshlánú le déanamh sa deireadh thiar ar oidhreacht mná amháin i ndiaidh blianta de mhasla agus de tharcaisne.

Sinéad Ní Uallacháin, Láithreoir an chlár ‘Peig’

Tá sé in am againn na buanna a bhí ag Peig Sayers a cheiliúradh, go tráthúil ar Lá Idirnáisiúnta na mBan. Bean a raibh buanna scéalaíochta go smior inti, buanna rógaireachta chomh maith. Bean a bhí fial agus bean a bhí flaitiúil. Agus, tá súil agam go bhfuil solas éigin scalta againn ar na nithe sin a bhain leis an mbean í féin sa chlár faisnéise seo a chraolfar go luath ar TG4.

Craolfar an clár ‘Peig’ ar TG4 arú amárach ar leath i ndiaidh a naoi.

Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4.

¹ éigin an leagan caighdeánach

² gach an leagan caighdeánach

³ bac an leagan caighdeánach